# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Treoirlínte lena úsáid ag Scrúdaitheoirí

| | <u>**Tá trí roinn sa pháipéar.**</u> | |
|---|---|---|
| **Roinn A** | **Cluastuiscint** | **140 marc** |
| **Roinn B** | **Léamhthuiscint** | **140 marc** |
| **Roinn C** | **Scríobh na Teanga** | **80 marc** |
| | **Iomlán** | **360 marc** |

Agus an scéim mharcála seo á léamh, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

**1.** Léiríonn tulslais / roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí a bhfuil tulslais eatarthu mar dhá fhreagra ar leith, mar sin.

**2.** Léiríonn fleasc - roimh fhreagra, go mbronntar cuid de na marcanna ar an bhfreagra.

**3.** Léiríonn lúibíní cearnógacha [ ] ábhar a bhaineann leis an scéim mharcála atá mar eolas breise ar mhaithe leis na scrúdaitheoirí.

**4.** Léiríonn lúibíní cruinne ( ) ábhar a d'fhéadfaí a thabhairt i bhfreagra an iarrthóra ach ní mheastar go bhfuil sé riachtanach chun marcanna iomlána a fháil.

**5.** N.B. Ní cóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra eile ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leis na cinn ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.

**6.** D'fhéadfadh córas pionóis lena n-áirítear marcanna a chailleadh a bheith i bhfeidhm i gceisteanna áirithe chun bac a chur ar an seans go mbeidh iarrthóirí "ag déanamh liosta" ar na freagraí féideartha ar fad ar cheist áirithe. I gcásanna dá leithéid, d'fhéadfadh freagra ceart a chealú amach ó fhreagra mícheart breise.

**7.** Freagraí cealaithe nó na freagraí céanna tugtha níos mó ná uair amháin

a. Sna Ranna A agus B, má tá freagra cealaithe agus má thugtar an dara freagra, glactar leis an gcealú agus bronntar marcanna ar an bhfreagra nach bhfuil cealaithe.

b. Má thugtar líon níos mó ná mar ba chóir do fhreagraí nach bhfuil cealaithe, cealóidh na freagraí breise míchearta sin na marcanna a bhronnadh ar na freagraí cearta. (Tabharfar samplaí ar seo le linn na comhdhála marcála.)

c. Má tá an t-aon fhreagra amháin a tugadh cealaithe, déantar neamhaird ar an gcealú agus marcáiltear an freagra mar is gnách.

**8.** Nuair a fhreagraítear ceisteanna sa teanga mhícheart (i.e. Fraincis seachas Béarla/Gaeilge nó a mhalairt),

- Bronn 0 marc sa chás gó bhfuil sé mar pháirt, nó páirt áirithe, ach ní i ngach páirt, de cheist
- Nuair a fhreagraítear an cheist iomlán sa teanga mhícheart, marcáil de réir na scéime marcála í agus bronn leath de na marcanna

**9. Cur i bhfeidhm na scéime marcála**

Cuir an scéim mharcála i bhfeidhm mar a aontaíodh i ngach cás.

**10. Socruithe Réasúnta le haghaidh Scrúduithe Teastais**

Ina gcás siúd dár deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus le gramadach, ní ghearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe áirithe den ghramadach, mar a míníodh ag an gcomhdháil.
I bhFraincis na Sraithe Sóisearaí de ghnáth ní bhaineann an mionathrú seo ach leis na ceisteanna i Roinn C den pháipéar nuair atá marcanna ar fáil do chumas scríofa.

**11. Bónas don Ghaeilge**

Tabharfar marcanna bónais ag ráta 5% de na marcanna a ghnóthaítear sa tSraith Shóisearach d'aon iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna ar an bpáipéar trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn 75% nó níos lú den mharc iomlán atá ar fáil (i.e. 270 marc nó níos lú). Agus an bónas sin á ríomh slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, m.sh. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, srl. Féach thíos sa chás go ngnóthaíonn iarrthóir níos mó na 270 marc i bhFraincis na Sraithe Sóisearaí IV.

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## *Tábla 360 @ 5%*


Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mhairc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 13 |
| 274 - 280 | 12 |
| 281 - 286 | 11 |
| 287 - 293 | 10 |
| 294 - 300 | 9 |
| 301 - 306 | 8 |
| 307 - 313 | 7 |


| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 314 - 320 | 6 |
| 321 - 326 | 5 |
| 327 - 333 | 4 |
| 334 - 340 | 3 |
| 341 - 346 | 2 |
| 347 - 353 | 1 |
| 354 - 360 | 0 |

**Nótaí Mínithe do Fhraincis na Sraithe Sóisearaí**

| Siombail | Ainm | Úsáid |
|---|---|---|
| ✔ | Cuir tic | Gné i gceart |
|  | Corrach cothrománach (earráid) | Earráid |
|  | Corrach ceartingearach (leathanach breise) | Leathanach breise |
| **P** | Pointe | Chun pointe a chur in iúl sa roinn scríbhneoireachta |
| **L** | Teanga | Chun ceist a fhreagraítear i dteanga mhícheart a chur in iúl |
| **MMS** | Scéim Mharcála Mhionathruithe | Chun script na Socruithe Réasúnta a aithint |

## Scéim Mharcála do Fhraincis na Sraithe Sóisearaí 2025

**Roinn A** **Cluastuiscint** **140 marc**

| C1 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | An dara pictiúr  | 4 x 4 = 16 |
| (b) | An chéad phictiúr  | |
| (c) | An tríú pictiúr  | |
| (d) | An dara pictiúr  | |
| | | **16** |

**C2** — **Marcanna:** 5 x 4 = 20

| | La danse | Le cyclisme | L'équitation | Les jeux vidéo | La lecture |
|---|---|---|---|---|---|
| **(a) Lucie** | | ✓ | | | |
| **(b) Abdel** | | | | ✓ | |
| **(c) Chloé** | ✓ | | | | |
| **(d) Rémy** | | | | | ✓ |
| **(e) Yvette** | | | ✓ | | |

**20**

| C3 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | des céréales | **4** |
| (b) | le lait | **4** |
| (c) | 6€50 | **4** |
| (d) | samedi prochain | **4** |
| (e) | étudier pour un examen | **4** |
| (f) | 06 \| **83** \| **75** \| **24** \| **11**<br>Ní mór d'uimhir teileafóin a bheith láncheart | **4** |
| | | **24** |

| C4 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | dánlann (ealaíne) | **4** |
| (b) | an dara sráid ar chlé a thógáil | **4** |
| (c) | scairdeán | **4** |
| (d) | cúig nóiméad déag | **4** |
| (e) | cuairt / turas (treoraithe) | **4** |
| | | **20** |

| C5 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | leathuair | **4** |
| (b) | Tá sé ag cur báistí agus tá sé fuar<br>- Ag cur báistí **2 mharc**<br>- Fuar **2 mharc** | **4** |
| (c) | Tá sé ag cur sneachta agus tá sé (tuairim is) 2 chéim<br>- Ag cur sneachta **2 mharc**<br>- (Tuairim is) 2 chéim **2 mharc** | **4** |
| (d) | Sparán | **4** |
| | | **16** |

| C6 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | 13 go 16 (bliana d'aois) | **4** |
| (b) | dhá sheachtain / coicís | **4** |
| (c) | Aon **dhá** cheann díobh seo a leanas:<br>Gaothshurfáil<br>Ag snámh<br>Rugbaí | **2 x 4 = 8** |
| (d) | n-o-s-t-a-l-g-i-e (gach 9 litir ceart)<br>7 - 8 litir ceart **3 mharc**<br>4 - 6 litir ceart **2 mharc**<br>1 - 3 litir ceart **1 mharc** | **4** |
| | | **20** |

| C7 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | an 26 Márta | **4** |
| (b) | Meán lae / nóin / 12 p.m. / 12 | **4** |
| (c) | (i) leabharlann<br><br>(ii) 4 p.m. go 6 p.m. | **2 x 4 = 8** |
| (d) | (i) An Ghréig<br><br>(ii) Déardaoin | **2 x 4 = 8** |
| | | **24** |

**Roinn B** **Léamhthuiscint** **140 marc**

| **C8** | | **Marcanna** |
|---|---|---|
| | | |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| **C** | **D** | **B** | **E** | **A** |

**5 x 4 = 20**

**20**

| **C9** | | **Marcanna** |
|---|---|---|
| **Laver la voiture** | 5 | **6 x 4 = 24** |
| **Faire les devoirs** | 1 | |
| **Jouer de la guitare** | 6 | |
| **Écouter de la musique** | 3 | |
| **Aller au cinéma** | 4 | |
| **Faire la cuisine** | 2 | |
| | | **24** |

| C10 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Aon **dhá** cheann díobh seo a leanas:<br>une patinoire<br>une piscine<br>un grand parc | **2 x 4 = 8** |
| (b) | l'anglais | **4** |
| (c) | la fondue au fromage | **4** |
| | | **16** |

| C11 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Ar a laghad) deich n-uaire sa lá | **4** |
| (b) | **Ceann amháin** de<br>(Tá sé) níos éasca / éasca<br>(Tá sé) níos tapa / tapa | **4** |
| (c) | Is maith leis grianghraif a phostáil (a bhaineann lena shaol) | **4** |
| (d) | Bhí dó gréine air | **4** |
| | | **16** |

| C12 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Aon **dhá** cheann díobh seo a leanas:<br>(A) mothúcháin<br>(A) brionglóidí<br>(A) saol laethúil | **2 x 4 = 8** |
| (b) | Ní maith leo (ach) a cuid éadaí | **4** |
| (c) | Bríste, t-léine, seaicéad leathair, bróga reatha<br>Trí rud **3 mharc**<br>Dhá rud **2 mharc**<br>Rud amháin **1 mharc** | **4** |
| (d) | Cabhraíonn a máthair léi pacáil | **4** |
| | | **20** |

| C13 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | Ní féidir é féin agus a dheirfiúr / ní féidir leo a bheith callánach (sa teach) | **4** |
| (b) | Dul ar shiúlóid (san fhoraois) | **4** |
| (c) | Aon **dhá** cheann díobh seo a leanas:<br>Cabhraíonn sé sa chistin<br>Níonn sé na soithí<br>Folmhaíonn sé an bosca bruscair | **2 x 4 = 8** |
| (d) | Roghnaíonn a mháthair scannáin leadránacha (i gcónaí) | **4** |
| (e) | Bíonn corpoideachais aige. | **4** |
| | | **24** |

| C14 | | Marcanna |
|---|---|---|
| (a) | **Ceithre** shonra ag teastáil chun marcanna iomlána a bhronnadh<br>Is eisean an duine is sine<br>Tá deirfiúr amháin aige<br>Clémence an t-ainm atá ar a dheirfiúr<br>Tá a dheirfiúr dhá bhliain déag d'aois<br>Tá deartháir amháin aige<br>Baptiste an t-ainm atá ar a dheartháir<br>Tá a dheartháir ocht mbliana d'aois<br>Is banaltra í a mháthair<br>Is múinteoir é a athair | **4 x 1**<br>**= 4** |
| (b) | **Ceithre** shonra ag teastáil chun marcanna iomlána a bhronnadh<br>Tá a scoil suite ina shráidbhaile<br>Tosaíonn ranganna ar a hocht a chlog<br>Is fuath leis éirí go luath<br>Is é an Béarla is t-ábhar is fearr leis<br>Tá sé go hainnis ag an mbitheolaíocht<br>Tá an múinteoir bitheolaíochta an-deas<br>Ní thuigeann sé rud ar bith sa rang bitheolaíochta<br>Imríonn sé cispheil<br>Tá sé ar fhoireann cispheile na scoile<br>Bíonn sé ag traenáil dhá uair sa tseachtain<br>Is breá leis a bheith ar an bhfoireann cispheile<br>Is breá leis a bheith ag traenáil | **4 x 1**<br>**= 4** |
| (c) | **Ceithre** shonra ag teastáil chun marcanna iomlána a bhronnadh<br>Chuaigh sé ag taisteal anuraidh<br>Chuaigh sé ag taisteal lena theaghlach<br>Chaith sé sé mhí ag taisteal<br>Thug siad cuairt ar Mheiriceá Theas<br>Thaisteal siad ar an mbus<br>Fuair siad veain champála ar cíos<br>Ba bhealach maith é chun teacht ar áiteanna spéisiúla<br>Ní raibh deifir orthu riamh | **4 x 1**<br>**= 4** |

| | | |
|---|---|---|
| (d) | **Ceithre** shonra ag teastáil chun marcanna iomlána a bhronnadh<br>A chúthaileacht<br>Bhí air iarracht a dhéanamh labhairt le daoine óga nach raibh aithne aige orthu<br>D'airigh sé uaidh a chairde<br>Bhí tréimhsí fada ann nach raibh rochtain acu ar an idirlíon | **4 x 1**<br>**= 4** |
| (e) | **Ceithre** shonra ag teastáil chun marcanna iomlána a bhronnadh<br>Déanfaidh sé an scrúdú 'Bac' an bhliain seo chugainn<br>Staidéar a dhéanamh ar an tíreolaíocht ar ollscoil<br>Taisteal<br>An domhan a fheiceáil<br>Ba mhaith leis cuairt a thabhairt ar an Áise go háirithe | **4 x 1**<br>**= 4** |
| | | **20** |

**Roinn C** **Scríobh na Teanga** **80 marc**

| **C15** | | **Marcanna** |
|---|---|---|
| (a) | février | **2** |
| (b) | cheveux | **2** |
| (c) | verts | **2** |
| (d) | mère | **2** |
| (e) | s'appelle | **2** |
| (f) | sports | **2** |
| (g) | plat | **2** |
| | | **14** |

| C16 | | Marcanna |
|---|---|---|
| **Marc don ábhar = 16** | | |
| Âge | [**1 mharc lúide** má tá an focal "ans" fágtha ar lár] | **2** |
| Date de naissance | [**1 mharc lúide** mura bhfuil sé ceart ina iomláine] | **2** |
| Décris ta personnalité. | **Cion**<br>**3 - 4** Pointe an-soiléir<br>**1 - 2** Pointe sothuigthe a bheag nó a mhór<br>**0** Pointe easnamhach nó ní thuigfeadh cainteoir dúchais Fraincise é. | **4** |
| As-tu des frères et des sœurs ? | **Cion**<br>**3 - 4** Pointe an-soiléir<br>**1 - 2** Pointe sothuigthe a bheag nó a mhór<br>**0** Pointe easnamhach nó ní thuigfeadh cainteoir dúchais Fraincise é. | **4** |
| Quelles sont tes activités préférées ? Pourquoi ? | **Cion**<br>**3 - 4** Pointe an-soiléir<br>**1 - 2** Pointe sothuigthe a bheag nó a mhór<br>**0** Pointe easnamhach nó ní thuigfeadh cainteoir dúchais Fraincise é. | **4** |
| **Marc do chumas scríofa = 14** | | |

| **Cumas Scríofa** | |
|---|---|
| **11 go dtí 14 mharc** | **Catagóir ar bharr**<br>• Úsáid as stór focal saibhir le Fraincis nádúrtha san áireamh b'fhéidir<br>• Cúpla botún sna briathra – aimsirí, comhréitigh, srl.<br>• Úsáid mhaith/sármhaith as gnéithe eile, m.sh. aidiachtaí, dobhriathra, réamhfhocail, forainmneacha, diúltú<br>• Cúpla botún sa litriú |
| **5 go dtí 10 marc** | **Catagóir sa lár**<br>• Stór focal sásúil/ ar éigean go bhfuil sé sásúil<br>• Briathra míchearta den chuid is mó nó uaireanta<br>• Úsáid shásúil/ ar éigean go bhfuil an úsáid sásúil de ghnéithe gramadaí eile mar atá liostaithe thuas.<br>• Litrithe míchearta den chuid is mó nó uaireanta |
| **0 go dtí 4 mharc** | **Catagóir ar bun**<br>• Drochúsáid nó fíor drochúsáid stór focal<br>• Briathra míchearta ar fad/den chuid is mó<br>• Gan úsáid cheart ar bith nó úsáid beagán úsáid cheart de ghnéithe gramadaí mar atá liostaithe thuas<br>• Litrithe ar fad nó an chuid is mó acu mícheart |
| | **30** |

| C17 | | Marcanna |
|---|---|---|

**Marc don ábhar = 18 (6 x 3)**

**P1** Décris ta maison.
**P2** Décris ton meilleur ami/ta meilleure amie.
**P3** Qu'est-ce que tu aimes manger ?
**P4** Quelle est ta matière préférée ? Pourquoi ?
**P5** Qu'est-ce que tu as fait le week-end dernier ?
**P6** Quels sont tes projets pour l'été prochain ?

Bronn marcanna don **ábhar** le haghaidh gach pointe aonair ar dtús.

**2** Pointe an-soiléir
**1** Pointe sothuigthe a bheag nó a mhór
**0** Pointe easnamhach nó ní thuigfeadh cainteoir dúchais Fraincise é.

Bronn marc breise **amháin** ar ábhar **ábhartha**, mionsaothrú, freagairt nó ar thrácht le haghaidh gach pointe.

**Marc do chumas scríofa = 18**

| Scála iomlán | Cumas Scríofa | Marc don ábhar $\leq 10$ |
|---|---|---|
| **13 go dtí 18 marc** | **Catagóir ar bharr**<br>• Úsáid as stór focal saibhir le Fraincis nádúrtha san áireamh b'fhéidir<br>• Cúpla botún sna briathra – aimsirí, comhréitigh, srl.<br>• Úsáid mhaith/sármhaith as gnéithe eile, m.sh. aidiachtaí, dobhriathra, réamhfhocail, forainmneacha, diúltú<br>• Litrithe i gceart den chuid is mó | **8 go dtí 10 marc** |
| **7 go dtí 12 marc** | **Catagóir sa lár**<br>• Stór focal sásúil/ ar éigean go bhfuil sé sásúil<br>• Briathra míchearta den chuid is mó nó uaireanta<br>• Úsáid shásúil/ ar éigean go bhfuil an úsáid sásúil de ghnéithe gramadaí eile mar atá liostaithe thuas.<br>• Litrithe míchearta den chuid is mó nó uaireanta | **4 go dtí 7 marc** |
| **0 go dtí 6 mharc** | **Catagóir ar bun**<br>• Drochúsáid nó fíor drochúsáid stór focal<br>• Briathra míchearta ar fad/den chuid is mó<br>• Gan úsáid cheart ar bith nó úsáid beagán úsáid cheart de ghnéithe gramadaí mar atá liostaithe thuas<br>• Litrithe ar fad nó an chuid is mó acu mícheart | **0 go dtí 3 mharc** |
| | | **36** |

# Aguisín 1

## Scéim Mharcála Mhionathruithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- leagan taifeadta den obair scríofa.
- ríomhaire le saoráid seiceála litrithe air á úsáid.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Ní ghearrtar pionós i bhFraincis na Sraithe Sóisearaí as earráidí sa litriú agus i ngnéithe gramadaí áirithe.

**Scríobh na Teanga**

Litriú: ná cuir líne faoi fhocail nach bhfuil litrithe i gceart, ná faoi fhocail ina bhfuil aicinn ar lár / aicinn mhíchearta, fiú má chuireann sé as d'fhuaimniú an fhocail. Is mar earráidí litrithe a bhreathnaímid ar aicinn mhíchearta agus ní cóir pionós a ghearradh as.

Gramadach: is féidir na gnéithe gramadaí nach ngearrfar pionós orthu a mheas ach a shamhlú go bhfuil an freagra á chloisteáil agat mar thaifeadadh. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

## Aguisín 2

## Tras-scríbhinn don Chluastuiscint

### Ceist 1

**a)**

| | |
|---|---|
| Hélène | Salut, Antoine. Tu as des projets pour cet après-midi ? |
| Antoine | Salut, Hélène. Il fait beau aujourd'hui. Ça te dit d'aller à la plage avec moi ? |
| Hélène | Super ! Quelle bonne idée ! |
| Antoine | Excellent ! On peut nager ensemble. |

**b)**

| | |
|---|---|
| Thomas | Bonjour, Marie. C'est ton anniversaire samedi prochain, n'est-ce pas ? |
| Marie | Salut, Thomas. Oui, j'aurai quinze ans. J'ai l'intention de faire un pique-nique dans le parc. |
| Thomas | Ça sera chouette ! On peut aussi acheter des glaces et s'amuser au soleil. |
| Marie | Excellent ! J'attends ça avec impatience. |

**c)**

| | |
|---|---|
| Sophie | Salut, Omar. Il y a une nouvelle élève dans ma classe. |
| Omar | Salut, Sophie. Ah trop bien ! Je peux la rencontrer pendant l'heure du déjeuner. |
| Sophie | Ah bon ! Elle s'appelle Claudette. Aujourd'hui elle porte un t-shirt rose et un jean bleu. |
| Omar | D'accord, je la chercherai dans la cantine à midi. |

**d)**

| | |
|---|---|
| Pierre | Maman, je ne me sens pas bien. Je ne peux pas me concentrer sur mes devoirs. |
| Maman | Oh non, Pierre. Où est-ce que ça fait mal ? |
| Pierre | J'ai mal à la tête. |
| Maman | Tu dois te coucher tôt ce soir et tu iras mieux demain. |

## Ceist 2

| | |
|---|---|
| Lucie | Salut, je m’appelle Lucie. J’adore faire du vélo à la campagne pendant les vacances scolaires. C’est super pour la santé. |
| Abdel | Moi, c’est Abdel. Mes amis sont très importants dans ma vie. Je passe des week-ends à jouer aux jeux vidéo en ligne avec eux. |
| Chloé | Je m’appelle Chloé. Moi, je vais souvent à la discothèque avec mes amis. J’adore danser. C’est génial ! |
| Rémy | Moi, c’est Rémy. Je lis tout le temps. C’est un bon moyen de me détendre après une longue journée à l’école. |
| Yvette | Je m’appelle Yvette. J’adore faire de l’équitation. Je fais des leçons tous les mardis. Je m’amuse bien. |

## Ceist 3

| | |
|---|---|
| Robert | Salut, Farida. |
| Farida | Salut, Robert. Tu as faim ? |
| Robert | Non, je viens de prendre le petit déjeuner. J’ai pris des céréales et un jus d’orange. |
| Farida | Moi, j’ai préparé des gaufres. |
| Robert | Des gaufres, délicieux ! |
| Farida | Elles sont faciles à préparer. Il faut tout simplement mélanger de la farine, des oeufs, et l’ingrédient le plus important, du lait chaud, dans un bol. |
| Robert | Moi, je n’aime pas cuisiner. Je préfère acheter les gaufres au café, mais ça coûte cher. Le weekend dernier, j’ai payé 6€50. |
| Farida | Mais non, Robert, c’est trop cher. Tu veux venir chez moi samedi prochain et je préparerai des gaufres pour toi ? |
| Robert | Génial ! Et après, je suppose que nous devons étudier pour l’examen de géographie. C’est pénible ! Je peux inviter Luc aussi. Il est fort en géographie. Tu as son numéro ? |
| Farida | Quelle bonne idée, Robert. Son numéro de téléphone est le 06. 83. 75. 24. 11. |
| Robert | Merci, Farida. À samedi ! |

## Ceist 4

| | |
|---|---|
| Mademoiselle | Excusez-moi, Monsieur, j'ai laissé mon portable à l'hôtel et je suis perdue. Est-ce que vous pouvez m'aider, s'il vous plaît ? Je cherche la galerie d'art. |
| Monsieur | Bien sûr, je peux vous aider ! C'est facile. Continuez tout droit, prenez la deuxième rue à gauche et c'est en face de la fontaine. |
| Mademoiselle | C'est près d'ici ? |
| Monsieur | Ce n'est pas trop loin. C'est à quinze minutes à pied. |
| Mademoiselle | Ah non ! Je suis déjà en retard pour une visite guidée ! |

## Ceist 5

Bonjour, c'est votre capitaine qui vous parle. Le vol arrivera à Nice dans une demi-heure. Malheureusement, à Nice, il pleut et il fait froid en ce moment. Mais de bonnes nouvelles pour les passagers qui vont faire du ski. Aujourd'hui dans les montagnes, il neige et la température est d'environ deux degrés. Finalement, à l'attention de Monsieur Moreau, votre portefeuille a été trouvé. Nous vous prions de vous présenter à l'hôtesse de l'air. Merci de votre attention. Nous vous souhaitons un bon séjour en France.

## Ceist 6

Bienvenue à Radio Nostalgie. Aujourd'hui nous avons une compétition pour nos auditeurs âgés de treize à seize ans. Vous voulez gagner deux semaines en colonie de vacances en Provence cet été ? Il y aura beaucoup d'activités pour les participants comme par exemple : la planche à voile, la natation, le rugby et les visites de sites touristiques. Vous trouverez plus d'informations sur notre site web, www.nostalgie.fr. Ça s'écrit **n.o.s.t.a.l.g.i.e.**fr.

## Ceist 7

La rencontre parents-profs pour les élèves de terminale aura lieu mardi prochain, le 26 mars dans le gymnase. Les cours se termineront à 15h 30. La directrice a déjà envoyé un mél à vos parents.

Bonne chance à notre équipe de rugby. Ils ont un match important vendredi prochain à midi. On organise un autocar pour les spectateurs. Ça coûte 5€. Nous espérons qu'ils remporteront la finale !

L'étude surveillée commencera bientôt dans la bibliothèque de 16h à 18h tous les soirs. Il reste des places disponibles. Donnez vos détails à Madame Lambert si ça vous intéresse. Les parents peuvent payer dans le bureau du secrétaire.

Bon voyage aux élèves de 3ème année qui partent en Grèce pour un voyage scolaire jeudi prochain. Ils vont visiter beaucoup de monuments historiques et découvrir la culture. Ce sera un voyage formidable !